Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**9716/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0141(NLE)**

**RECH 301**
**FIN 451**
**COMPET 475**
**ENER 275**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9773/20 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 2008/376/CE maidir le glacadh Chlár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach agus maidir leis na treoirlínte teicniúla ilbhliantúla le haghaidh an chláir sin<br>– *Glacadh* |

1. An 16 Iúil 2020, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2008/376/CE maidir le glacadh Chlár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach agus maidir leis na treoirlínte teicniúla ilbhliantúla le haghaidh an chláir sin[1].

2. Is é is aidhm don Chinneadh atá beartaithe cuspóirí chlár taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach (RFCS) a ailíniú le hoibleagáidí idirnáisiúnta, mar atá Comhaontú Pháras, agus le cuspóirí eolaíocha, teicneolaíocha agus polaitiúla an Aontais maidir le neodracht aeráide faoi 2050.

[1] 9773/20.

3. Tar éis na hoibre a rinneadh ó mhí Mheán Fómhair 2020 i leith sa Mheitheal um Thaighde, a ndearnadh roinnt leasuithe ar an togra tosaigh mar thoradh uirthi, tháinig an Chomhairle (Iomaíochas), ag an gcruinniú a bhí aici an 27 agus an 28 Bealtaine 2021, ar chomhaontú polaitiúil faoin téacs.

4. Thug Parlaimint na hEorpa a tuairim uaithi an 18 Bealtaine 2021.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, na nithe seo a leanas a mholadh don Chomhairle, mar mhír 'A' ag ceann de na seisiúin eile a bheidh aici amach anseo:

– an Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh, arna athbhreithniú ag na dlítheangeolaithe, agus mar a leagtar amach in 9400/21.

– a iarraidh go bhfoilseofaí an Cinneadh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar mhaithe le faisnéis.